

MO GHAI RMREI IMED



poistphoiblí
publicjobs

Is Feidhmeannach Forbartha Gnó Réigiúnaigh é Imed le Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann

“Trí obair san earnáil phoiblí, cabhraíonn sé leat tionchar a imirt ar thodhchaí do tíre féin.”




Is as an Ailgéir mé ar dtús agus bhog mé anseo ag aois 4 nuair a bhí mo thuismitheoirí ar imirce. Chríochnaigh mé an Ardteist in 2014 agus chuaigh mé go dtí Ollscoil Luimnigh chun staidéar a dhéanamh ar céim Baitsiléara Ealaíon sa Ghnó Idirnáisiúnta.




Ní raibh mé cinnte faoi céard a theastaigh uaim a dhéanamh tar éis an choláiste. Theastaigh uaim i gcónaí a bheith ag obair thar lear agus bhí an oiread sin cuideachtaí spreagúla ar intinn agam. Bhí sé ag aonach gairmeacha i mBaile Átha Cliath, áit ar fhoghlaim mé faoi Fhiontraíocht Éireann agus an deis oibriú áit ar bith ar domhan i bhfírinne le punann comhlachtaí éagsúla.



Bhain mé céim amach in Ollscoil Luimnigh in 2018 agus chuaigh mé ag obair le Fiontraíocht Éireann mar feidhmeannach margaíochta thar lear trína gclár do chéimithe.



Ní raibh tuairim chruinn agam ar a raibh le bheith á dhéanamh agam ach an rud a bhí tábhachtach dom ná oibriú thar lear, foghlaim ó dhaoine a bhfuil taithí acu, agus a bheith i ról ina bhféadfainn mo chruth féin a chur air.



Chaith mé dhá bhliain thar lear agus ansin d'aistrigh mé go dtí Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann (GFTÉ) nuair a tháinig folúntas inmheánach aníos (is comheagraíochtaí iad GFTÉ agus Fiontraíocht Éireann).



D'oibrigh mé ar feadh bliana do GFTÉ i ról bainistíochta tionscadail agus ansin fuair mé ardú céime i ról ag plé go díreach le cliaint i nGaillimh, an áit bhfuil mé ag obair i láthair na huaire.



Táim freagrach as iarthar na hÉireann a chur chun cinn (Gaillimh, Maigh Eo & Ros Comáin) i measc infheistoirí idirnáisiúnta mar shuíomh féideartha le haghaidh infheistíochta.



Déanaim tairiscintí luacha a fhorbairt agus a chur chun cinn do gach contae. Leagaim amach pleananna turais d'infheistoirí chun iad a chur in aithne do na príomhpháirtithe san éiceachóras gnó áitiúil. Oibrím freisin le comhlachtaí atá san iarthar cheana féin chun a ndúshlán a thuiscint agus cabhrú leo fás.



In ainneoin mo dhifriochtaí eitneacha agus m'ainm neamhghnách, is cinnte gurb í Éire mo bhaile. Tá GFTÉ an-dáiríre faoin gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉC) agus tá a choiste féin CEC aige. Níor bhrath mé riamh gur mise “an ceann corr” nó gur eachtrannach mé. Go deimhin, ní fhéadfainn brath níos Éireanaí a bheith ag obair anseo.

Sonraíocht Phoist – Feidhmeannach Réigiúnach Forbartha Gnó

ROINN	GFT Éireann
TUARASTAL	Ag tosú ag €50,500 in aghaidh na bliana *d'fhéadfadh sé athrú
CUR SÍOS AR AN RÓL	Léargas Ginearálta: Is é cuspóir an ról seo leas straitéiseach GFTÉ a chur chun cinn go réamhghníomhach i gcur chun cinn an Réigiúin mar shuíomh d'infheistíocht dhíreach choigríche nua, oibriú le páirtithe leasmhara chun tacú le hinfheistíochtaí a shaothrú agus oibriú leis an mbonn cliant atá ann cheana chun deiseanna infheistíochta a bhaint amach de réir ár Straitéise ar fud na gcúig cholún, chun poist agus tionchar eacnamaíoch a sholáthar don Réigiún. Príomhthascanna: • Seachadadh tionscadail GFTÉ chuig an réigiún a bhrú chun cinn go fuinniúil, de réir straitéis agus spriocanna réigiúnacha GFTÉ. • An réigiún a mhargú go gníomhach chuig Foirne Domhanda ar fud na rannán go léir, pleananna turais a ullmhú, a thionlacan agus a bhainistiú, an phíblíne a réadú agus tacú le seachadadh infheistíochtaí nua isteach sa Réigiún. • Oibriú i gcomhar le comhghleacaithe i Réigiún an Iarthair chun tairiscintí luacha agus pleananna turais a ullmhú chun na deiseanna infheistíochta a uasmhéadú don Réigiún. • Dlúthchúnamh agus dlúth-thacaíocht tosaithe agus éifeachtach a chinntiú do chliantchomhlachtaí nua atá ag bunú sa Réigiún. • Oibriú leis an mBainisteoir Réigiúnach maidir le réitigh chuí thráthúla a sheachadadh ar dhúshláin atá roimh chliant reatha agus poitéinsiúla sa Réigiún. • Tacú leis an mBainisteoir Réigiúnach chun gníomhartha a chur i gcrích i bPlean Gníomhaíochta Fiontair Réigiúnaigh na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta don Réigiún. • Oibriú leis an mBainisteoir Réigiúnach chun cabhrú le héiceachóras gnó den scoth a thógáil trí líonrú agus caidrimh a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha agus náisiúnta. Naisc a éascú agus tacú le líonrú réigiúnach agus náisiúnta a sholáthar d'infheistíocht dhíreach choigríche. • Tacú leis an mBainisteoir Réigiúnach trí ionadaíocht a dhéanamh ar GFTÉ ag raon cruinnithe agus ócáidí de réir mar is gá agus chun labhairt go réamhghníomhach thar ceann GFTÉ ag cur síos ar ár ról, ár dtábhacht straitéise agus an tionchar eacnamaíoch atá ag an GFTÉ go náisiúnta agus go réigiúnach. • Tuiscint a fháil ar mhúnlaí agus riachtanais éagsúla ghnó na sprioc-chuideachtaí atá ag smaoineamh ar a n-oibríochtaí a lonnú in Éirinn. Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na dúshláin, i gcomhar leis an mBainisteoir trí obair foirne tras-feidhme agus ar deireadh thiar tairiscintí luacha idirdhealaitheacha a sheachadadh don chliant. • A bheith ag obair i gcomhar leis an Rannán Maoine chun réitigh maoine oiriúnacha agus atá ar fáil a aithint agus na réitigh seo a shuíomh mar chuid den tairiscint margaíochta don Réigiún. • Oibriú leis an mBainisteoir Réigiúnach chun raon tionscnamh straitéiseach a chur i bhfeidhm do Réigiún an Iarthair, de réir chur i bhfeidhm Straitéis réigiúnach an GFTÉ. • Trí líonrú agus caidrimh a chothú chun cur le heolas na heagraíochta ar a príomhphleananna agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpáirtithe leasmhara i straitéis

Sonraíocht Phoist – Feidhmeannach Réigiúnach Forbartha Gnó

CUR SÍOS AR AN RÓL	• A chinntiú go ndéantar foghlaim agus forbairt leanúnach trí fhoghlaim agus rannpháirtíocht neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil sa Phróiseas Athbhreithnithe Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. • Chun a chinntiú go gcuirtear comhionannas, dínit, cuimsiú agus meas i bhfeidhm laistigh agus lasmuigh den Eagraíocht agus go dtacaítear le cothromaíocht saoil oibre a oiread agus is féidir san ionad oibre. • A chinntiú go seasfar le luachanna GFTÉ maidir le Daoine, Gairmiúlacht, Paisean don Fheidhmíocht agus don tSeirbhís Phoiblí i gcónaí. • Solúbthacht a léiriú maidir le tascanna breise a dhéanamh de réir mar a shanntar agus dea-chumarsáid a bhainistiú agus a chothabháil le comhghleacaithe ar fud criosanna ama agus cultúir.
RIACHTANAIS	Bunriachtanach • Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal, ar a laghad de chaighdeán céime, agus/nó taithí gnó ábhartha. • Scileanna den scoth bainistíochta rannpháirtíochta le cliaint. • Cumas caidrimh éifeachtacha cliant a chothú. • Cumas oibriú go maith faoi bhrú, go solúbtha agus go neamhspleách dá d(h)eoin féin. • Éileoidh an ról seo taisteal intíre, uaireanta oibre solúbtha, agus toilteanas oibriú go solúbtha ar fud na Réigiún ar bhonn rialta. • Teastaíonn solúbthacht agus spéis leanúnach i ndul chun cinn agus i bhforbairt gairme idirnáisiúnta. • Tá láncheadúnas tiomána riachtanach. Inmhianaithe • Cothú Caidrimh Cliantdhírithe • Díolachán & Margaíocht • Bainistíocht Tionscadail • Cumarsáid agus Éifeachtacht Phearsanta • Eolas • Líonrú • Idirbheartaíocht agus Tionchar a Imirt • Cruthaitheacht agus Nuáil
AN PRÓISEAS IARRATAIS	1. Foirm iarratais agus CV a chur isteach. 2. Gearrliostú ar iarrthóirí bunaithe ar an eolas a fhaightear ina n-iarratas. 3. Réamhagallamh um Scagadh. 4. Agallamh foirmiúil deiridh le bainisteoir rannóige, bainisteoir acmhainní daonna agus bainisteoir rannáin.

